

Bileog 12.1 Cá bhfuil sé?

Cuid A

An dtuigeann tú féin nó an duine in aice leat na focail seo thíos?

in aice le


trasna ó

os comhair

os cionn

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na habairtí seo thíos a chríochnú. Beidh bhur n-abairtí bunaithe ar an léarscáil.



Tá an siopa _____ ón etc.
(Braitheann na habairtí seo ar an phictiúr)

Cuid C


Anois smaoinigh féin agus an duine in aice leat ar an áit a bhfuil an foirgneamh ina bhfuil sibh anois – cad is féidir libh a rá faoi ag baint úsáide as na focail in A?

Sampla: Tá sé in aice leis an séipéal.

Bileog 12.2 Cá bhfuil do charr? - Duine A

Cuid A

Seo thíos léarscáil den bhaile a bhfuil tú i do chónaí ann. Roghnaigh cén áit a bhfuil do charr páirceáilte agus cuir X san áit a roghnaigh tú. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi cá bhfuil do charr. Ní féidir leat ach na freagraí ‘Tá/Níl’ a úsáid. Caithfidh tusa freisin ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoi cá bhfuil a c(h)arr siúd páirceáilte – bain úsáid as an struchtúr An bhfuil? chun do chuid ceisteanna a chumadh.



Cuid B

Anois bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí i gcúpla abairt an áit a bhfuil bhur gcarranna páirceáilte.

Bileog 12.3 Cá bhfuil do charr? - Duine B

Cuid A

Seo thíos léarscáil den bhaile a bhfuil tú i do chónaí ann. Roghnaigh cén áit a bhfuil do charr páirceáilte agus cuir X san áit a roghnaigh tú. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi cá bhfuil do charr. Ní féidir leat ach na freagraí ‘Tá/Níl’ a úsáid. Caithfidh tusa freisin ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoi cá bhfuil a c(h)arr siúd páirceáilte – bain úsáid as an struchtúr An bhfuil? chun do chuid ceisteanna a chumadh.




Cuid B

Anois bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí i gcúpla abairt an áit a bhfuil bhur gcarranna páirceáilte.

Bileog 12.4 Cá bhfuil do charr? - An Téip

Cuid A

Seo thíos léarscáil den bhaile a bhfuil tú i do chónaí ann. Éist leis an duine ar an téip ag rá cá bhfuil a charr páirceáilte agus cuir X san áit a bhfuil an carr. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil ar roghnaigh sibh an áit chéanna.



Cuid B

Scríobh i gcúpla abairt an áit a bhfuil an carr páirceáilte. Cad é a scríobh an duine in aice leat?

Bileog 12.5 Ar an . . . Súil Siar


Cuid A

Tagann athrú ar an chéad litir d’ainmfhocal nuair a thagann sé i ndiaidh ar an, leis an, ag an etc. An cuimhin leat an t-athrú seo? – pléigh an cheist leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na habairtí seo chun cabhrú libh:

Tagann an bus ag leath i ndiaidh a naoi.
Téim ar an bhus* ag leath i ndiaidh a naoi.

**Téim ar an mbus atá ann i gcanúint Chonnachta agus i gcanúint na Mumhan (bíonn urú i gcanúint Chonnachta agus na Mumhan ach séimhiú i gcanúint Uladh). Roghnaigh an litir cheart ón chiorcal le cur roimh na litreacha i ndiaidh ar an thíos má tá canúint Chonnachta nó canúint na Mumhan agat.*

ar an + B = _____
 ar an + C = _____
 ar an + F = _____
 ar an + G = _____
 ar an + P = _____
 ar an + S = _____
 (bíonn **t** roimh **s** má tá an focal baininscneach)



ar an + A/E/I/O/U = _____

Cuid B

Scríobh an leagan ceart de na focail idir lúibíní. Ná déan dearmad canúint a roghnú:

Canúint Uladh = séimhiú
 Canúint Chonnachta = urú
 Canúint na Mumhan = urú

1. Tá na heochracha (ar an + bord) _____.
2. Tá siad in aice (leis an + doras) _____.
3. Tá na spéaclaí (faoin + tábla) _____.
4. Tá mo ghloine (ar an + seilf) _____.
5. Tá an peann (faoin + nuachtán) _____.
6. Tá siad (faoin + cathaoir) _____.
7. Tá sé ina shuí in aice (leis an + fuinneog) _____.
8. Tá an leabhar (ar an + teilifíseán) _____.

Bileog 12.6 Ar an . . .Súil Siar

Cuid A

Féach ar an phictiúr seo de sheomra suí. Bí ag obair leis an duine in aice leat leis an stór focal ar fad a bhaineann leis an phictiúr a aimsiú.



Cuid B

Caithfidh tú ceisteanna a chumadh le cur ar an duine in aice leat faoin phictiúr. Bain úsáid as na ceisteanna thíos chun cabhrú leat. Caithfidh tusa ceisteanna an duine sin a fhreagairt chomh maith.

Cá bhfuil an hata?

Cá bhfuil na spéaclaí?

Cá bhfuil na bláthanna?

Cá bhfuil an cúisín?

Cén dath atá ar an urlár?

Cé mhéad pictiúr atá ar na ballaí?

Bileog 12.7

Aimsigh na Difríochtaí

Pictiúr A

Tá pictiúr cosúil leis an phictiúr seo ag an duine in aice leat, ach tá difríochtaí idir an dá phictiúr. Bainigí úsáid as an ghluais agus na ceisteanna thíos le cuidiú libh na difríochtaí a aimsiú.



Gluais:

Cnaipe - Knob
Murláin - Handles
Searróga - Jars
Potaí - Pots
Sorn - Cooker
Muince - Necklace
Stríocáí - Stripes

Cé mhéad pota atá sa phictiúr?

An bhfuil spúnóg adhmaid i do phictiúrsa?

An bhfuil salann i do phictiúrsa?

Cé mhéad cnaipe atá ar an sorn?

Bileog 12.8

Aimsigh na Difríochtaí

Pictiúr B

Tá pictiúr cosúil leis an phictiúr seo ag an duine in aice leat, ach tá difríochtaí idir an dá phictiúr. Bainigí úsáid as an ghluais agus na ceisteanna thíos le cuidiú libh na difríochtaí a aimsiú.



Gluais:

Cnaipe - Knob
Murláin - Handles
Searróga - Jars
Potaí - Pots
Sorn - Cooker
Muince - Necklace
Stríocáí - Stripes

Cé mhéad pota atá sa phictiúr?

An bhfuil spúnóg adhmaid i do phictiúrsa?

An bhfuil salann i do phictiúrsa?

Cé mhéad cnaipe atá ar an sorn?

Bileog 12.9 Suíomh agus Gluaiseacht

Cuid A



Bí ag obair leis an duine in aice leat agus ceangail na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

Isteach	Thíos
Istigh	Amach
Suas	Ansin
Thuas	Síos
Anseo	Amuigh

Cuid B


Anois cuirigí na focail sna boscaí cearta thíos.

Isteach	Thíos	Istigh	Amach	Anseo
Suas	Ansin	Thuas	Síos	Amuigh

Suíomh	Gluaiseacht
	

Cuid C

Scríobh abairt amháin ag úsáid na bhfocal in A agus B faoi na pictiúir thíos agus ansin féach ar na habairtí a scríobh an duine in aice leat.



A _____

B _____

C _____

D _____

Bileog 12.10


Suíomh agus Gluaiseacht

Cuid A

Léigh na focail seo os ard leis an duine in aice leat.



isteach
amach
suas
síos



isteach
amach
anuas
aníos

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na bearnaí sna habairtí thíos a líonadh leis na focail in A. Éistigí leis an téip ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

1. Chuaigh mé _____ an staighre go dtí an chistin.
2. Tá Pól _____ sa ghairdín.
3. Féach ar an leanbh ag teacht _____ na céimeanna - titfidh sé!
4. Tar _____ nó beidh tú fuar.
5. Bhí Antain _____ sa teach tábhairne aréir.
6. D'fhág mé mo chuid spéaclaí _____ ar an tseilf.
7. Téigh _____ an staighre anois díreach go dtí an seomra leapa.
8. Tá an madra _____ san íoslach.
9. Gabh _____ an doras sin - beimid déanach!
10. Tá mé thuas staighre. Tar _____.

Bileog 12.11 Agallamh na Seachtaine



Cuid A

Éist le Sinéad ag cur agallaimh ar Chlár Ní Dhónaill faoi eachtra a tharla ina teach an tseachtain seo caite. Déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cad a chuala Clár?

torann sa seomra folctha

torann sa halla

torann sa seomra suí

2. Cá raibh an madra?

sa teach

sa gharáiste

sa ghairdín

sa chistin

3. Cén tslí amach as an teach a bhí ag na gadaithe?

doras tosaigh

fuinneog

staighre

doras cúil

Cuid B

Beidh tú ag éisteacht leis an téip arís chun na bearnaí a líonadh sa sliocht thíos. Ach ar dtús bain triail as tú féin – an féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt cad iad na focail a rachaidh isteach sna bearnaí? Ansin éist leis an téip chun do chuid freagraí a sheiceáil.

Sinéad: Abair linn cad a tharla an tseachtain seo caite, a Chlár.

Clár: Lár na hoíche a bhí ann. Bhí mé féin agus m'fhear céile sa leaba _____ staighre. Chuala mé torann éigin _____ sa seomra suí agus an madra ag tafann. Bhí an madra faoi ghlas _____ ina theach beag féin _____ sa ghairdín áfach. Dhúisigh mé m'fhear céile agus d'iarr mé air dul _____ staighre le feiceáil an raibh duine ar bith ann.

Sinéad: D'fhear céile bocht. An raibh sé sásta dul _____?

Clár: Ní raibh ar chor ar bith ach _____ leis ar aon nós. Chuir mise glao ar na Gardaí. Ansin go tobann chuala mé gloine ag briseadh agus m'fhear céile ag screadaí. Rith mé _____ an staighre agus bhí m'fhear céile ag teacht _____.

Sinéad: Ar éalaigh siad?


Clár: D'éalaigh cinnte. Bhris siad an fhuinneog sa seomra suí agus léim siad _____ an fhuinneog. Bhí siad _____ agus imithe sula raibh seans ag m'fhear céile rud ar bith a dhéanamh.

Bileog 12.12

An teach agus treoracha

Cuid A

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh ainm gach seomra sa teach ar an phlean seo thíos.



Tá sé ansin ar chlé.
Tá sé ansin ar dheis.
Tá sé ansin ag bun an halla.
Tá sé ansin ag barr an staighre.
Sin ansin é – an dara doras ar dheis.
Tá sé ansin os do chomhair amach.
Tá sé in aice leis an chistin.
Tá sé ar an dara hurlár.
Tá sé díreach ar aghaidh.

Anois beidh sibh ag cur ceisteanna ar a chéile faoi na seomraí sa léaráid in A. Bainigí úsáid as na frásaí in B chun cabhrú libh.

Sampla:

Cá bhfuil an leithreas?
Tá sé ansin ar dheis.

Bileog 12.13

An teach agus treoracha

Cuid A

Abair leis an duine in aice leat cá bhfuil na leithris san fhoirgneamh a bhfuil tú ann anois. Mar shampla:

Gabh amach an doras agus tá sé ansin ar chlé!

Cuid B


Abair leis an duine in aice leat cá bhfuil seomraí éagsúla i do theach féin sa bhaile. Mar shampla:

Tá an leithreas díreach ag barr an staighre.

Cuid C

Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosca le chéile.

Ag casadh leis na tuismitheoirí



Téann Jan go Dún na nGall le Máire ag an deireadh seachtaine. Tá sé rud beag neirbhíseach an uair seo áfach mar tá sé ag casadh le tuismitheoirí Mháire den chéad uair. Tógadh Máire i seanteach mór faoin tuath agus tá Jan cailte ina teach.

Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cá bhfuil an leithreas?

2. Cén fáth a dtéann Jan ar strae?

3. Cá bhfuil an cat úr?


Bileog 12.14

Cá bhfuil oifig an phoist?

Cuid A

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachai gí ar na habairtí thíos. An féidir libh smaoineamh ar fhocail/fhrásaí ar bith eile le cur sna bearnaí?

Cá bhfuil



an t-ollmhargadh	_____
an t-ospidéal	_____
an scoil	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

?

Cuid B

Féach ar na boscaí thíos. Cén dath atá ar an mbosca ina bhfuil na téarmaí gramadaí seo a leanas?

Briathra sa Mhodh Ordaitheach _____

Ainmfhocail _____

Dobhriathra _____

Téigh
Tiontaigh

(glas)

Suas
Amach

(oráiste)

An tsráid
An chearnóg

(corcra)

Anois déan féin agus an duine in aice leat iarracht cur leis na focail i ngach bosca. Nuair a bheidh sibh críochnaithe cuirigí abairtí le chéile ina roghnaíonn sibh focal as gach bosca. Sampla: téigh amach an doras, tiontaigh ar dheis agus téigh suas an tsráid.


Bileog 12.15

Cá bhfuil sé?

Duine A

Cuid A

Seo thíos mapa de shráidbhaile beag in Éirinn. Tabharfaidh an múinteoir liosta áiseanna duit agus marcáil iad ar an mhapa le X. Beidh an duine in aice leat ag marcáil áite do na háiseanna céanna ach b'fhéidir go mbeidís in áit dhifriúil aige/aici.



Cuid B

Anois ceistigh an duine in aice leat chun a fháil amach cén áit a bhfuil na háiseanna go léir ar a mhapa féin. Beidh seisean/sise ag cur ceiste ortsa chomh maith chun a fháil amach cén áit ar chuir tusa na háiseanna éagsúla. Tá sibh beirt sa scoil.

Féach ar an chomhrá seo le cuidiú leat.

- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an t-ollmhargadh?
- Téigh díreach ar aghaidh, ansin tóg an chéad sráid ar dheis agus tá sé ansin ar chlé!
- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil oifig an phoist?
- Tá sé ansin in aice leis an séipéal.
- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an banc?
- Téigh suas an tsráid agus tá sé ar dheis.
- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an carrchlós?
- Téigh síos an bóthar, tiontaigh ar dheis agus tá sé in aice leis an séipéal.


Bileog 12.16

Cá bhfuil sé?

Duine B

Cuid A

Seo thíos mapa de shráidbhaile beag in Éirinn. Tabharfaidh an múinteoir liosta áiseanna duit agus marcáil iad ar an mapa le X. Beidh an duine in aice leat ag marcáil áite do na háiseanna céanna ach b'fhéidir go mbeidís in áit dhifriúil aige/aici.



Cuid B

Anois ceistigh an duine in aice leat chun a fháil amach cén áit a bhfuil na háiseanna go léir ar a mhapa féin. Beidh seisean/sise ag cur ceiste ortsa chomh maith chun a fháil amach cén áit ar chuir tusa na háiseanna éagsúla. Tá sibh beirt sa scoil.

Féach ar an chomhrá seo le cuidiú leat.

- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an t-ollmhargadh?
- Téigh díreach ar aghaidh, ansin tóg an chéad sráid ar dheis agus tá sé ansin ar chlé!
- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil Oifig an Phoist?
- Tá sé ansin in aice leis an séipéal.
- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an banc?
- Téigh suas an tsráid agus tá sé ar dheis.
- Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an carrchlós?
- Téigh síos an bóthar, tiontaigh ar dheis agus tá sé in aice leis an séipéal.